



**An Bord Athbheithnithe Meabhair-Shláinte
(An Dlí Coiriúil)**

MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD

Tuarascáil Bhliantúil 2011

An Bord Athbheithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)
51 Faiche Stiofáin
Baile Átha Cliath 2
Teileafón: (01) 602 8221
Ríomhphost: info@mhclrb.ie
Suíomh gréasáin: www.mhclrb.ie

Clár na nÁbhar

LEATHANACH

1. Réamhrá an Chathaoirligh	3
2. Feidhm An Bhoird Athbhreithnithe Meabhar-Shláinte (An Dlí Coiriúil)	5
3. Athbhreithnithe an Bhoird	5
4. Orduithe do Scaoileadh Amach	7
5. Scéim Chúnamh Dlí Meabhar-Shláinte (An Dlí Coiriúil)	9
6. Imeachtaí Dlí	10
7. Cruinnithe	11
8. Caiteachas	12
9. Athbhreithniú an Achta um an Dlí Coiriúil 2006 (Gealtacht) arna leasú	12

AGUISÍNÍ

Aguisín A - Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa i 2011/2010	13
Aguisín B - Líon Othar Athbhreithnithe in aghaidh na Diagnóise i 2011/2010	14
Aguisín C - Líon Éisteachtaí trí Chineál Athbhreithnithe i 2011/2010	15
Aguisín D - Líon Éisteachtaí i 2011/2010 do gach Alt den Acht um an Dlí Coiriúil 2006 (Gealtacht) arna leasú	16
Aguisín E - Meánlíon Cásanna Sannaithe do Ionadaithe Dlí ar Phainéal Chúnamh Dlí i 2011/2010	17
Aguisín F - Líon Othar Scaoilte Amach go Coinníollach i 2011	18

1. **RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH**

Thug an bhliain 2011 suntas do dhá chloch mhíle thábhachtacha don Bhord Athbhreithnithe Meabhar-Shláinte (An Dlí Coiriúil). Ar dtús chuaigh an chéad chúig bliana den Bhord a ceapadh ar an 27 Meán Fómhair 2006 in éag ar an 26 Meán Fómhair 2011 agus cheap an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais an tUasal Alan Shatter Bord nua le héifeacht ón 27 Meán Fómhair 2011. Is iad an Dr Michael Mulcahy, Sichiatrach Comhairleach, Nora McGarry Uasal, Seicíteiripeoir Comhairleach agus mé féin baill an Bhoird nua. Ba mhaith liom an deis seo a ghlacadh fáilte a chur roimh McGarry Uasal chuig an mBord. Ba mhaith liom ómós a thabhairt don Uasal Tim Dalton as an obair dhian a rinne sé agus as an tiomantas a thug sé le linn a théarma oifige leis an mBord. Bí eolas agus taithí an Uasail Dalton inluachmhar thar na cúig bliana téarma aige leis an mBord, go háirithe ina bhlianta múnlaiteacha.

Freisin ag leanúint ar thús a chur leis an Acht um An Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2010 ar an 8 Feabhra 2011, bhí an Bord don chéad uair, in ann líon beag othar oiriúnach a chur san áireamh do scaoileadh amach coinníollach as an Ospidéal Meabhrach Lárnach. Roimhe sin chuir an Bord ábhair chúraim in iúl maidir le roinnt othar a choinneáil a mheas an Bord a bheith oiriúnach do scaoileadh amach faoi réir cosaintí a chur in ionad don othar agus don phobal araon. Cumasaíonn an tAcht an Bord orduithe scaoilte amach a dhéanamh atá faoi réir coinníollacha in-fheidhmithe. Rinne an Bord an chéad cheann de sheacht ordú coinníollach i Márta 2011.

Mar gheall ar an líon athbhreithnithe coinneála a bhí ag an mBord i 2011, laghdaigh sé seo beagán go 182 ó 205 i 2010, laghdú 11%. Bhain an laghdú le

laghdú ar an líon othar a tháinig roimh an mBord le haghaidh athbhreithnithe ó 94 i 2010 go 84 i 2011. Tá de dhualgas dlí ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil gach othair ag tréimhsí nach mó ná sé mhí agus don chéad uair i 2011 bhí an 12ú agus 13ú athbhreithniú ag an mBord maidir le roinnt othar a choinneáil.

Ba mhaith liom thar cheann an Bhoird buíochas a ghabháil le Stiúrthóir Clinice Ospidéal Meabhrach Lárnach an tOllamh Harry Kennedy, foireann Siciatraithe Fóirínseacha Comhairligh agus foireann altranais, seirbhísí sóisialta agus riaracháin an Ospidéil as a gcomhoibriú agus cúnamh le linn na bliana.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin d'obair na n-ionadaithe dlí a dhéanann ionadaíocht d'othair ag teacht os comhair an Bhoird le haghaidh athbhreithnithe. De bharr a dtinnis, ní bhíonn othair ábhalta labhairt dóibh fein uaireanta agus tugann a lán ionadaithe dlí cúnamh dá cliaint i mbealach a théann i bhfad thar a ndualgas. Is mór ag an mBord é sin.

Ba mhaith liom buíochas a thabhairt d'fhoireann an Bhoird freisin, an tUasal Greg Heylin, Oifigeach Príomhfheidhmeannach, Dominic Kelly Uasal, Catherine Hayes Uasal agus Ann Casey Uasal as an gcúnamh a thug siad le linn na bliana.

An Breitheamh Onórach Brian McCracken

Márta 2012

2. FEIDHM AN BHOIRD ATHBHREITHNITHE MEABHAR -SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Cuireadh An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) ar bun ar an 27 Meán Fómhair 2006 faoi Alt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 arna leasú. Tá an Bord freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar choinneáil othar in ionad sannaithe a bhfuil tarchurtha ansin ag cúirt nuair a fuarthas nach mbeadh siad in ann trial a sheasamh nó nuair nach raibh siad ciontach i gcion trí chúis gealtachta. Déanann an Bord athbhreithniú freisin ar choinneáil príosúnach, lena n-áirítear príosúnaigh míleata atá aistrithe chuig ionad sannaithe ag fulaingt ó neamhord meabhrach. Tá an Bord neamhspleách i bhfeidhmiú a fheidhme. Faoi láthair is é an tOspidéal Meabhrach Lárnach an t-aon ionad sannaithe.

3. ATHBHREITHNITHE AG AN MBORD

Ag am ar bith tá timpeall 80 othar coinnithe san Ospidéal Meabhrach Lárnach faoi Achtanna um an Dlí Coiriúil (Gealtacht). Athraíonn an líon de réir mar a aistrítear othair ó phríosún le haghaidh cúraim agus cóireála agus ansin ar ais chuig an bpríosún. Freisin ó thosach an Achta 2010 ní thagann othair a scaoiltear amach go coinníollach faoi shainchúram an Bhoird le haghaidh athbhreithnithe mar níl siad coinnithe san Ospidéal Meabhrach Lárnach.

Éilítear ar an mBord a chinntiú go ndéantar athbhreithniú ar choinneáil gach othair ag tréimhsí nach bhfuil níos mó ná sé mhí. Lasmuigh de na hathbhreithnithe sceidealta rialta is féidir leis an mBord, ar a thionscnamh féin athbhreithniú a dhéanamh ar othar faoi choinneáil mar a mheasann sé a bheith cuí. Féadfaidh othar athbhreithniú a iarraidh freisin agus i gcúinsí áirithe is

féidir le Stiúrthóir Clinice an Ospidéal Mheabhrach Lárnaigh athbhreithniú a spreagadh. Is féidir leis an Aire Cirt agus Dlí agus Comhionannais athbhreithniú a dhíriú um príosúnach aistrithe ó phríosún go dtí an tOspidéal Meabhrach Lárnach a chur faoi choinneáil.

Sa bhliain 2011 rinne an Bord athbhreithniú ar 84 othar faoi choinneáil ag déanamh 182 athbhreithnithe ar an iomlán. Is laghdú 11% é sin ar an líon athbhreithnithe a rinneadh i 2010 arbh é sin 205. Diagnóisíodh 72% d'othair a athbhreithníodh i 2011 le scitsifréine, 14% le neamhord scitsimhothachtalach agus 14% a diagnóisíodh le neamhoird eile. Déanann sé seo comparáid le 2010 nuair a rinneadh athbhreithniú ar 94 othair faoi choinneáil agus 69% diagnóisithe le scitsifréine, 16% le neamhord scitsemothachtalach agus 15% le neamhoird eile. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb é seo an croíghrúpa céanna go príomha a athbhreithníonn an Bord gach bliain. (Tagairt in Aguisín A agus B).

Rinne an Bord 12ú agus 13ú athbhreithnithe don chéad uair i 2011 ar roinnt othair faoi choinneáil. Bhí 27 éisteachtaí ina 12ú athbhreithniú agus dhá cheann ina 13ú athbhreithniú sé sin 15% agus 1% faoi seach den líon foriomláin athbhreithnithe. Sa bhliain 2011 bhí 8% d'éisteachtaí ina 1ú athbhreithniú le 11% i 2010. (Tagairt in Aguisín C).

Bhí formhór na n-athbhreithnithe coinneálacha ar othair faoi choinneáil san Ospidéal Meabhrach Lárnach faoi Alt 5(2) den Acht 2006 arna leasú nuair a fuarthas iad neamhchiontach mar gheall ar ghealtacht. Sa ghrúpa seo bhí 121 éisteachtaí i 2011 i gcomparáid le 120 i 2010 sé sin 66% agus 59% faoi seach

den líon foriomlán éisteachtaí. Arís i 2011 bhí an dara líon athbhreithnithe is mó coinneálacha d'othair faoi choinneáil faoi Alt 15(2) den Acht arbh iad príosúnaigh a aistríodh in aghaidh a dtola ó phríosún go dtí an tOspidéal le haghaidh cúraim agus cóireála nach bhféadfaí a chur ar fáil sa phríosún. Bhí 17% den líon foriomláin athbhreithnithe sa chatagóir sin d'othair i gcomparáid le 26% i 2010. (Déanann Aguisín D tagairt).

4. ORDUITHE SCAOILEADH AMACH

Forbairt mhór maidir le hobair an Bhoird i 2011 ab ea teacht i bhfeidhm an Achta um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010, a leasaigh an tAcht 2006. Thug an tAcht nua cumhacht don Bhord orduithe a dhéanamh chun othair a scaoileadh amach faoi réir a leithéid de choinníollacha a cheapfaidh an Bord a bheith cuí lena n-áirítear coinníollacha maidir le cóireáil nó maoirseacht othar seachtrach nó iad araon. Ní féidir leis an mBord ordú a dhéanamh áfach go dtí go bhfuil sé sásta go bhfuil aon socruithe a mheasann an Stiúrthóir Clinice a bheith riachtanach déanta i ndáil le hothar lena n-áirítear socruithe (i) chun an t-othar a éascú i gcomhlíonadh cionníollacha an oird; (ii) an t-othar a mhaoirsiú agus (iii) foráil a dhéanamh maidir le fillleadh an othair go dtí an ionad sannaithe sa chás go bhfuil sé nó sí i sárú ábhair a ordaithe um scaoileadh coinníollach.

Chomh luath agus atá othar scaoilte amach go coinníollach níl siad faoi réir athbhreithnithe ag an mBord a thuilleadh agus níl siad faoi choinneáil in ionad sannaithe. Féadfaidh an Bord ar iarratas ó dhuine atá faoi réir orduithe nó Stiúrthóir Clinice coinníoll a athrú nó a bhaint nó coinníollacha breise a chur i bhfeidhm ag am ar bith tar éis ordú scaoileadh amach coinníollach a bheith déanta áfach.

Tar éis 12 mhí a bheith thart ó dháta a scaoilte choinníollaigh féadfaidh duine atá faoi réir orduithe scaoileadh coinníollach iarratas a chur faoi bhráid an Bhoird le haghaidh scaoileadh amach neamhchoinníollach. Mura mbíonn iarratas rathúil is féidir leo iarratais a dhéanamh ina dhiaidh sin le haghaidh scaoileadh neamhchoinníollach chomh fada is nach bhfuil tréimhse níos lú ná 12 mhí idir iarratas amháin agus an chéad cheann eile. Roimh chinneadh a dhéanamh ar a leithéid d'iarratas ní mór don Bhord fianaise a éisteacht faoi staid mheabhrach an duine agus a gcomhlíonadh le coinníollacha a ordaithe scaoileadh coinníollach agus aon fhianaise is mian leis an duine a chur faoi bhráid.

Roimh theacht i bhfeidhm an Achta 2010 is eol don Bhord go ndéanfaí roinnt iarratas le haghaidh scaoileadh amach coinníollach láithreach tar éis an Achta a thosú ó othair a bhí ag ullmhú leis an Ospidéal le haghaidh a leithéid de tharlaithe le roinnt ama. Sa bhliain 2011 d'fhaomhaigh an Bord scaoileadh amach coinníollach seachtar othar ón Ospidéal Meabhrach Lárnach; beirt i Márta, triúr i mBealtaine, duine amháin i Meitheamh agus duine amháin in Iúil. De na hothair a scaoileadh amach bhí duine amháin faoi choinneáil san Ospidéal Meabhrach Lárnach ar feadh 30 bliain, duine ar feadh 22 bhliain, duine ar feadh 21 bhliain, beirt ar feadh 13 bliana agus beirt ar feadh 11 bhliain. Ba chóir a thabhairt faoi deara nach bhfuil fad ama san Ospidéal ina fhoras riachtanach nó a dhóthain ann féin chun scaoileadh amach a thabhairt. (Déantar tagairt in Aguisín F).

Ní dhearna an Bord aon ordú do scaoileadh amach neamhchoinníollach i 2011.

5. SCÉIM CHÚNAMH DLÍ MEABHAR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL)

Éilítear ar an mBord faoi Alt 12(1)(c) den Acht 2006 ionadaí dlí a shannadh do gach othar a bhfuil a choinneáil faoi réir athbhreithnithe, mura molann siad ionadaíocht dlí a fháil faoina gcostas féin. Uime sin chuir an Bord an Scéim Chúnamh Dlí Sláinte-Mheabhrach 2006 (An Dlí Coiriúil) in ionad, faoin ar cuireadh painéal ionadaithe dlí ar bun. Féadfaidh othair seirbhísí aturnae painéil shannaithe a dhiúlú agus aturnae eile ón bpainéal a iarraidh nó is féidir leo a n-atornae neamhphainéal féin a fhostú. Le haghaidh leanúnachais agus le haird ar an bhfíric go bhfuil neamhord meabhrach ag othair, déanann an Bord dianiarracht an t-atornae céanna a shannadh leis an othar le haghaidh athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Chuir an Bord tús le hathbhreithniú an Phainéil Chúnamh Dlí ag deireadh 2010 de bhun Alt 3.6 de choinníollacha agus téarmaí na Scéime Cúnamh Dlí a luann go ndéanfaidh an Bord athbhreithniú ar an bPainéal go foirmiúil gach trí bliana nó de réir mar a mheasann an Bord a bheith riachtanach. I Meán Fómhair 2010 scríobh an Bord chuig 31 aturnae ar an bPainéal ag iarraidh orthu a chur in iúl cibé ar mhian leo fanacht ar an bPainéal nó nár mhian. D'fhreagair 26 aturnae ag cur in iúl gur mhian leo fanacht ar an bPainéal baineadh an cúigear fágtha ón bPainéal ar chúiseanna éagsúla lena gcomhaontú.

Ag leanúint ar laghdú an líon aturnaetha ar an bPainéal mheas an Bord cibé an mbeadh sé riachtanach nó nach mbeadh aturnaetha a chur in ionad iad sin a bhaineadh. Bunaithe ar an anailís ar líon na n-othar ag a bhfuil ionadaíocht dlí ag teastáil agus ualach oibre aturnaetha éagsúla ó cuireadh an Painéal ar bun rinne an Bord cinneadh nach mbeadh aturnaetha in ionad iad siúd a baineadh

den Phainéal ag teastáil ar feadh i bhfad. Tá an Bord chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar chúrsaí.

De na 26 aturnae ar an bPainéal is é seacht an meánlíon cásanna a sannadh do gach ceann i 2011 mar an gcéanna le 2010. Sannadh an meánlíon céanna cásanna i 2010, leis an gcéad cheathairíl aturnaetha agus leis an dara agus an tríú ceathairíl le chéile freisin ar an bPainéal, 14 agus 12 chás an ceann faoi seach. Sannadh an cheathairíl íochtar do thrí chás ar an meán i 2011 i gcomparáid le náid i 2010. Léiríonn sé seo go raibh ceathrar aturnae a baineadh den Phainéal lena gcomhaontas ar an gceathairíl íochtar maidir leis an líon cásanna sannaithe agus bhí duine amháin sa tríú cheathairíl i 2010. (Déantar tagairt in Aguisín E).

6. **IMEACHTAÍ DLÍ**

Tá an staid nuashonraithe maidir le himeachtaí a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2010 an Bhoird mar seo a leanas:

- (i) ***JB v An Bord Athbhreithnithe Meabhar-Shláinte (An Dlí Coiriúil), An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne***

Dheimhnigh an Chúirt Uachtarach Ordú na hArd-Chúirte agus scrios amach an Achomhairc ar an 17 Feabhra 2011, le toiliú. Thug an Bord scaoileadh amach coinníollach don ghearánaí in Iúil 2011.

- (ii) ***DG v An Bord Athbheithnithe Meabhar-Shláinte (An Dlí Coiriúil), An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Éire agus an tArd-Aighne***

Scríosadh amach na himeachtaí san Ard-Chúirt ar an 1 Aibreán 2011, le toiliú. Thug an Bord scaoileadh amach coinníollach don ghearánaí i mBealtaine 2011.

- (iii) ***AL v Harry Kennedy, Stiúrthóir Clinice an Ospidéal Mheabhraigh Lárnaigh agus an Bhoird Athbheithnithe Meabhar-Shláinte (An Dlí Coiriúil) (Pairtí Fógra)***

Ní dhearnadh achomharc ar chinneadh na hArd-Chúirte a fuair coinneáil an ghearánaí dlíthiúil. Thug an Bord scaoileadh amach coinníollach don ghearánaí i Márta 2011.

Níor tugadh aon imeachtaí breise i gcoinne an Bhoird i 2011 ná níl aon imeachtaí gan éisteacht ag deireadh 2011.

7. CRUINNITHE

Bhí cruinniú tosaigh ag an mBord nua le Stiúrthóir Clinice an Ospidéal Mheabhraigh Lárnaigh ar an 11 Deireadh Fómhair 2011. Tar éis an chruinnithe thug an Stiúrthóir Clinice turas an ospidéal don Bhord. Bhuail an Bord freisin le triúr Síciatraí Fóiréinseach Comhairleach an Ospidéal, an Dr Helen O'Neill, An Dr Paul O'Connell agus an Dr Damian Mohan a thóg am amach óna sceideal gnóthach chun cur i láthair a dhéanamh don Bhord ar na huirlisí measúnaithe a d'úsáid an fhoireann ag an Ospidéal. Úsáideann an tOspidéal na huirlisí sin chun cabhrú le cóireálacha othar a chur chun cinn agus mar fhianaise thacúil do chomhairle tugtha don Bhord.

8. CAITEACHAS

Ba é caiteachas iomlán an Bhoird i 2011 ná €511,454. Caitheadh €234,503 ar phá, €101,032 ar chúnamh dlí saor in aisce a chur ar fáil agus €175,919 ar chostais eile. Laghdaíodh táillí íoctha leis an gCathaoirleach agus do bhaill an Bhoird le héifeacht ón 27 Meán Fómhair 2011 arna ceapadh don Bhord nua.

ATHBHREITHNIÚ AR AN DLÍ COIRIÚIL (GEALTACHT) 2006, ARNA LEASÚ

9. Tá athbhreithniú ar an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 arna leasú ag an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010 á dhéanamh faoi láthair ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Tá cuireadh á thabhairt ag an Roinn tuairimí a aighniú ar fheidhmiú an Achta. Molann an Bord aighneacht a dhéanamh ar chúrsaí tosaíochta don Bhord nó ar easnaimh san Acht a théann i bhfeidhm ar fheidhmeanna an Bhoird.

Nóta:

Tá An tAcht um An Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006

An tAcht um An Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2010

Nósanna Imeachta an Bhoird Athbhreithnithe Meabhar-Shláinte (An Dlí Coiriúil), agus Téarmaí agus Coinníollacha Scéim Chúnamh Dlí Meabhar-Shláinte (An Dlí Coiriúil) 2006 ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhoird (www.mhclrb.ie).

Líon Éisteachtaí in aghaidh na Míosa i 2011/2010

Mí	Líon Éisteachtaí 2011	% 2011 Iomlán	Líon Éisteachtaí 2010	% 2010 Iomlán
Eanáir	17	9%	18	9%
Feabhra	14	8%	19	9%
Márta	26	14%	28	14%
Aibreán	16	9%	18	9%
Bealtaine	13	7%		
Meitheamh	14	8%	21	10%
Iúil	14	8%	25	12%
Lúnasa	11	6%	17	8%
Meán Fómhair	15	8%	18	9%
Deireadh Fómhair	16	9%	16	8%
Samhain	14	8%	13	6%
Nollaig	12	6%	12	6%
Iomlán	182	100%	205	100%

Aguisín B

Líon Othar a Athbhreithníodh in aghaidh na Diagnóise i 2011/2010

Diagnóis	Líon othar athbhreithnithe 2011	% 2011 Iomlán	Líon othar athbhreithnithe 2010	% 2010 Iomlán
Scitsifréine	60	72%	65	69%
Neamhord Scitsimhothachtálach	12	14%	15	16%
Neamhoird Eile	12	14%	14	15%
Iomlán	84	100%	94	100%

Áirítear i Neamhoird eile:

Neamhord Mothachtálach Dépholach

Síocóis Druga -Spreagtha

Neamhord Pearsantacht Frithshóisialta

Neamhord Pearsantacht Paranóideach

Míchumas Intleachtach

Neamhord Siabhráin

Neamhord Dúlagair

Neamhord Siabhráin Dianseasmhach

Neamhord Dian Athfhillteach le Gnéithe Síocóiseacha

Eipeasóidí Síocóiseacha

Aguisín C

Líon Éisteachtaí trí Chineál Athbhreithnithe i 2011/2010

Cineál Athbhreithniú	Líon Athbhreithnithe 2011	% 2011 Iomlán	Líon Athbhreithnithe 2010	% 2010 Iomlán
1ú Athbhreithniú	15	8%	22	11%
2ú Athbhreithniú	10	6%	13	6%
3ú Athbhreithniú	8	4%	11	5%
4ú Athbhreithniú	5	3%	12	6%
5ú Athbhreithniú	7	4%	11	5%
6ú Athbhreithniú	9	5%	14	7%
7ú Athbhreithniú	7	4%	21	11%
8ú Athbhreithniú	10	6%	46	23%
9ú Athbhreithniú	15	8%	37	18%
10ú Athbhreithniú	28	15%	17	8%
11ú Athbhreithniú	39	21%	1	
12ú Athbhreithniú	27	15%		
13ú Athbhreithniú	2	1%		
Iomlán	182	100%	205	100%

Líon Éisteachtaí i 2011/2010 in aghaidh Ailt den Acht um an Dí Coiriúil (Gealtacht) 2006, Arna Leasú

Alt Den Acht 2006	Líon Éisteachtaí 2011	% 2011 Iomlán	Líon Éisteachtaí 2010	% 2010 Iomlán
Alt 4(3)	2	1%	7	3%
Alt 4(5)	15	8%	14	7%
Alt 5(2)	121	66%	120	59%
Alt 15(1)	10	5%	10	5%
Alt 15(2)	31	17%	53*	26%
Alt 15(5)	3	3%	1*	
Iomlán	182	100%	205	100%

Alt 4(3)	Neamh-infheidhme chun Pléadála, Cúirt Dúiche
Alt 4(5)	Neamh-Infheidhme chun Pléadála, Cúirt Eile
Alt 5(2)	Neamhchiontach trí chúis gealtachta
Alt 15(1)	Aistriú deonach ó Phríosún
Alt 15(2)	Aistriú neamhdheonach ó Phríosún
Alt 15(5)	Leanúint le haistriú deonach ó Phríosún (tar éis cúram nó cóireáil a dhiúltú)

*Luaigh Tuarascáil 2010 an Bhoird go hearráideach gurb é 54 líon éisteachtaí othar a bhí faoi choinneáil faoi Alt 15(2). Ba chóir gurbh é 53 an figiúr sin, le héisteacht amháin d'othar faoi choinneáil faoi Alt 15(5).

MeánlÍon Cásanna Sannaithe
d'Ionadaithe DÍ ar Phainéal Cúnamh DÍ i 2011/2010

Bliain	Líon Ionadaithe DÍ ar Phainéal	MeánlÍon cásanna sannaithe	MeánlÍon cásanna sannaithe CeathairÍ Uachtar	MeánlÍon cásanna sannaithe 2ú & 3ú CeathairÍl	MeánlÍon cásanna sannaithe CeathairÍl Íochtar
2011	26	7	14	12	3
2010	31	7	14	12	0

Líon Othar
Scaoilte Amach go Coinníollach i 2011

Mí Ordú Scaoileadh Amach Coinníollach	Líon Othar
Márta	2
Bealtaine	3
Meitheamh	1
Iúil	1
IOMLÁN	7